# Treoirlínte do Pháirtithe Polaitíochta

*Na bearta nach mór a dhéanamh maidir le síntiúis agus le síntiúis thoirmiscthe.*

Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí
Standards in Public Office Commission

**Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí**
**6 Ardán Phort an Iarla**
**Baile Átha Cliath 2**
**D02 W773**

**Teileafón: 01 6395666**
**Ríomhphost: info@sipo.ie**
**Suíomh gréasáin: www.sipo.ie**
**Twitter: @SIPOCIreland**

**Nollaig 2023**

# Clár Ábhar


Caibidil 1 – Réamhrá .......... 3

Faisnéis úsáideach .......... 6

Caibidil 2 - Sainmhínithe .......... 7

2.1 Duine .......... 7

2.2 Síntiúsóir Corparáideach .......... 7

2.3 Páirtí polaitíochta .......... 7

2.4 Fo-eagraíocht de chuid páirtí polaitíochta .......... 7

2.5 Críocha polaitíochta .......... 9

2.6 Aonad cuntasaíochta .......... 9

2.7 Duine freagrach .......... 9

2.8 Oifigeach cuí .......... 10

2.9 Institiúid Airgeadais .......... 11

2.10 Síntiús a thugann Idirghabhálaí .......... 12

2.11 Síntiús i bhfoirm criptea- airgeadra .......... 12

Caibidil 3 - Síntiúis .......... 13

Caibidil 4 - Iasachtaí le páirtithe polaitíochta .......... 17

Caibidil 5 - Síntiúis thoirmiscthe .......... 18

5.1 Síntiúis gan ainm os cionn €100 .......... 18

5.2 Síntiúis airgid thirim os cionn €200 .......... 18

5.3 Síntiúis os cionn €200 ó shíntiúsóir corparáideach neamhchláraithe .......... 18

5.4 Síntiúis os cionn na teorann uasta forordaithe €2,500 .......... 20

5.5 Síntiúis ón gcoigríoch .......... 20

5.6 Síntiúis i bhfoirm criptea-airgeadra .......... 21

5.7 Síntiúis ó shíntiúsóirí a gceanglaítear orthu féin Ráiteas Síntiús a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin agus nach bhfuil sé beartaithe acu déanamh amhlaidh .......... 21

Caibidil 6 - Nósanna imeachta maidir le síntiúis a chomhiomlánú .......... 23

Caibidil 7 - Cuntais Síntiús Polaitíochta .......... 25

Caibidil 8 - Ráitis Síntiús .......... 27

Caibidil 9 - Ráiteas Ceannaire an Pháirtí .......... 30

Caibidil 10 - Iniúchadh ar dhoiciméid a chuirtear ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin .......... 31

Caibidil 11 - Tuarascáil chuig Cathaoirleach na Dála .......... 32

Caibidil 12 - Fógra a thabhairt don Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe .......... 33

Caibidil 13 - Cionta agus pionóis.......................................................................................... 34
Caibidil 14 – Cumhachtaí Imscrúdaithe....................................................................37
Aguisín.............................................................................................................................39
Imeachtaí tiomsaithe airgid - Glanluach ranníocaíochta le himeacht tiomsaithe airgid a dhéanamh amach .................................................................................................39

## Caibidil 1- Réamhrá

1.1. D'fhoilsigh an Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí (an Coimisiún um Chaighdeáin) na treoirlínte seo faoi alt 4(6)(a) den Acht Toghcháin, 1997[1]( "an tAcht"). Is é cuspóir na dtreoirlínte seo a chinntiú go gcuirtear na hoifigigh chuí de chuid páirtithe polaitíochta agus na daoine freagracha in aonaid chuntasaíochta de chuid páirtithe polaitíochta araon ar an eolas faoi na bearta nach mór dóibh a dhéanamh i ndáil le síntiúis a nochtadh agus, nuair is gá, i ndáil le diúltú do shíntiúis nó le iad a chur ar ais. Pléitear sna treoirlínte le cuntais síntiús polaitíochta a oscailt freisin. Cuirtear na treoirlínte seo in ionad na dtreoirlínte roimhe a d'fhoilsigh an Coimisiún um Chaighdeáin ar an ábhar i mí na Samhna 2015. Tá na Treoirlínte ina gceangal dlí. Mar sin féin, i gcás ina bhfuil neamhréireacht idir na treoirlínte agus an tAcht, is é an tAcht atá i réim.

1.2 Féadfaidh an Coimisiún um Chaighdeáin faoi alt 4(6)(b) den Acht comhairle a sholáthar maidir le comhlíonadh do dhaoine atá clúdaithe ag forálacha an Achta. Féadfar comhairle a lorg ón gCoimisiún um Chaighdeáin maidir le haon fhoráil den reachtaíocht nó maidir leis an dóigh a bhfeidhmítear foráil den sórt sin in aon chúinse ar leith. Mura bhfuil duine cinnte faoi aon ghné den reachtaíocht, ba cheart dó teagmháil a dhéanamh leis an gCoimisiún um Chaighdeáin. Cuirtear comhairle ar fáil i scríbhinn, lena n-áirítear trí ríomhphost, nó trí fhreagra a thabhairt ar cheisteanna thar an teileafón. Molann an Coimisiún um Chaighdeáin gur cheart comhairle a lorg láithreach i gcás go dtagann ábhar nach bhfuiltear cinnte faoi chun cinn. Má dhéantar amhlaidh, beidh seans níos lú ann go dtiocfaidh deacracht as an tsaincheist ina dhiaidh sin.

Cuirtear comhairle ar fáil faoi rogha an Choimisiúin um Chaighdeáin. I measc na gcúinsí nach féidir comhairle a sholáthar tá:

- nuair nach bhfuil dóthain faisnéise ann chun an t-iarrthóir a chur ar an eolas;
- i gcás ina mbaineann an t-iarratas ar chomhairle le hábhar atá lasmuigh de shaineolas an Choimisiúin um Chaighdeáin m.sh. ceisteanna cuntasaíochta

[1] Tagraíonn tagairt don Acht don Acht Toghcháin 1997 arna leasú ag an Acht Toghcháin (Leasú) 1998, an tAcht um Thoghcháin Áitiúla (Síntiúis agus Caiteachas a Nochtadh), 1999, An tAcht Toghcháin (Leasú) 2001, an tAcht Rialtais Áitiúil 2001, an tAcht Toghcháin (Leasú) 2002, An tAcht Rialtais Áitiúil (Uimh. 2), 2003, An tAcht Toghcháin (Leasú) 2004, an tAcht Toghcháin (Leasú) 2005, an tAcht Toghcháin (Leasú) 2007, an tAcht Toghcháin (Leasú) 2009, an tAcht Airí agus Rúnaithe (Leasú) 2011, An tAcht Toghcháin (Leasú) 2011, An tAcht Toghcháin (Leasú) (Maoiniú Polaitíochta) 2012, Acht na Gaeltachta 2012, An tAcht Toghcháin, Rialtais Áitiúil agus Pleanála agus Forbartha 2013, An tAcht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014, An tAcht um an gCúirt Achomhairc 2014, an tAcht Toghcháin (Leasú) 2015 agus an tAcht um Athchóiriú Toghcháin, 2022.

- i gcás ina mbaineann an t-iarratas ar chomhairle le hábhar atá á scrúdú ag an gCoimisiún um Chaighdeáin.

1.3 Ní mór do dhuine gníomhú de réir treoirlínte nó comhairle arna bhfoilsiú nó arna soláthar ag an gCoimisiún um Chaighdeáin, ach amháin i gcás go sáródh sé foráil eile den Acht dá ndéanfadh sé amhlaidh.

1.4 Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil an Coimisiún um Chaighdeáin i dteideal cibé fiosrúcháin a dhéanamh nó ar thosach feidhme alt 183 den Acht um Athchóiriú Toghcháin 2022 chun cibé imscrúdú is cuí leis a dhéanamh agus go bhféadfaidh sé ceangal a chur ar aon duine aon fhaisnéis, aon doiciméad nó aon ní atá i seilbh an duine nó ar fáil ag an duine agus a theastaíonn ón gCoimisiún um Chaighdeáin chun críocha a dhualgas faoin reachtaíocht a chur ar fáil. Le haghaidh tuilleadh faisnéise ar imscrúduithe, téigh chuig Caibidil 10 le do thoil.

1.5 Molann an Coimisiún um Chaighdeáin gur cheart don oifigeach cuí i ngach páirtí polaitíochta agus don duine freagrach i ngach aonad cuntasaíochta de chuid páirtí polaitíochta na treoirlínte a léamh ina n-iomláine agus aird aon oifigigh, aon bhaill, aon fhostaí nó aon oibrí dheonaigh eile de chuid an pháirtí a bhfuil feidhmeanna maidir le síntiúis acu agus ar cheart dóibh, dá bhrí sin, a bheith ar an eolas faoi na ceanglais dhlíthiúla atá ann a tharraingt ar a bhfuil sna treoirlínte.

1.6 Tá oibleagáidí breise ar pháirtithe polaitíochta faoin Acht agus faoi achtacháin eile. Eisíonn an Coimisiún treoirlínte ar leith maidir leis na hoibleagáidí sin. Ní chuirtear na treoirlínte seo in ionad na dtreoirlínte ar leith, ach rinne an Coimisiún a dhícheall a áirithiú go bhfuil gach sraith treoirlínte comhsheasmhach.

1.7 I gcás inar mian le duine faisnéis a sholáthar don Choimisiún maidir le sárú féideartha ar an Acht, féadfaidh siad é sin a dhéanamh trí theagmháil a dhéanamh le Rúnaíocht an Choimisiúin [cuir isteach an seoladh ríomhphoist cuí info@sipo.ie.

1.8 Déanfar tuarascálacha faisnéise a admháil agus a athbhreithniú. Féadfaidh tuarascálacha den sórt sin a bheith mar chuid de bhreithniú an Choimisiúin i dtaobh an bhfeidhmeoidh sé a chumhachtaí faoin Acht.

1.9 Ní dhéanann an tAcht foráil do mheicníocht gearáin maidir le sárú féideartha ar an Acht. Ní sholáthrófar toradh bhreithnithe an Choimisiúin do thuairisceoirí faisnéise.

1.10 I gcás ina bhfuil sárú déanta ag duine sonraithe de réir bhrí alt 4 den Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001, féadfaidh duine gearán a chur faoi bhráid an Choimisiúin faoin Acht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus faoin Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001 agus déileálfar leis de réir phróiseas gearán an Choimisiúin, atá ar fáil anseo.

## Fáisnéis Úsáideach

| Luach an tsíntiúis | Is é glanluach an tsíntiúis (ó imeachtaí tiomsaithe airgid, etc.) a chinneann cé acu is gá nó nach gá é a nochtadh. **Alt 22(2)(vi) agus Alt 46(2)(a)(vi)** |
|---|---|
| **€100** | Ní fhéadfar glacadh le síntiús gan ainm os cionn na suime seo in aon bhliain féilire. **Alt 23(1) agus Alt 47(1)** |
| **€100** | Ar shíntiús den luach sin a fháil, ní mór do TD, do Sheanadóir, do FPE, d'iarrthóir i dtoghchán Dála, Seanaid nó Eorpach, d'iarrthóir Uachtaránachta/do ghníomhaire toghcháin Uachtaránachta, do pháirtí polaitíochta, d'aonad cuntasaíochta de chuid páirtí polaitíochta (e.g. craobhacha, cumainn, Comhairle Dáilcheantair nó aon fho-aonad eile) nó do thríú páirtí cuntas síntiús polaitíochta a oscailt, mura bhfuil ceann ar oscailt cheana féin. **Alt 23B(1) agus Alt 48B(1)** |
| **€200** | An síntiús uasta airgid thirim a bhféadfaidh TD, Seanadóir, FPE, iarrthóir i dtoghchán Dála, Seanaid nó Eorpach, iarrthóir Uachtaránachta/gníomhaire toghcháin Uachtaránachta, páirtí polaitíochta, aonad cuntasaíochta de chuid páirtí polaitíochta, nó tríú páirtí glacadh leis ó shíntiúsóir in aon bhliain féilire. **Alt 23A(1)(iii) agus Alt 48A(1)(iii)** |
| **€200** | An síntiús uasta a bhféadfaidh TD, Seanadóir, FPE, iarrthóir i dtoghchán Dála, Seanaid nó Eorpach, iarrthóir Uachtaránachta/gníomhaire toghcháin Uachtaránachta, páirtí polaitíochta, aonad cuntasaíochta de chuid páirtí polaitíochta nó tríú páirtí glacadh leis ó shíntiúsóir corparáideach in aon bhliain féilire, **<u>ach amháin</u>** i gcás go bhfuil an síntiúsóir corparáideach cláraithe ar an gClár de Shíntiúsóirí Corparáideacha arna choimeád ar bun ag an gCoimisiún **<u>agus</u>** go ndéantar ráiteas thar ceann an tsíntiúsóra chorparáidigh ina ndeimhnítear gur cheadaigh an síntiúsóir corparáideach an síntiús a chur faoi bhráid an deontaí in éineacht leis an síntiús. **Alt 23AA(1)(i) agus (ii) agus Alt 48AA(1)(i) agus (ii)** |
| **€200** | An síntiús comhiomlán uasta a fhéadfaidh cuideachta, ceardchumann, cumann nó cumann foirgníochta a thabhairt sula dtuairisceofar é i dtuairisceáin bhliantúla arna ndéanamh faoi Acht na gCuideachtaí, 1963, nó do Chláraitheoir na gCara-chumann nó do thuarascáil de chuid cumann foirgníochta (faoin Acht Cumann Foirgníochta, 1989). **Alt 26** |
| **€600** | Ní mór gach síntiús os cionn na suime seo a fhaigheann TD, Seanadóir, FPE, iarrthóir i dtoghchán Dála, Seanaid nó Eorpach, iarrthóir Uachtaránachta/gníomhaire toghcháin Uachtaránachta a nochtadh ar an Ráiteas Síntiús. **Alt 24(4) agus Alt 48(1)** |
| **€1,000** | An síntiús uasta a bhféadfaidh TD, Seanadóir, FPE, iarrthóir i dtoghchán Dála, Seanaid nó Eorpach, nó iarrthóir Uachtaránachta/gníomhaire toghcháin Uachtaránachta glacadh leis ó dhuine aonair nó ó shíntiúsóir corparáideach cláraithe in aon bhliain féilire. **Alt 23A(1)(i) agus Alt 48A(1)(i)** |
| **€1,500** | Ní mór gach síntiús os cionn na suime seo a fhaigheann páirtí polaitíochta a nochtadh ar an Ráiteas Síntiús. **Alt 24(4)** |
| **€1,500** | An tairseach tuairiscithe/an tsuim chomhiomlán uasta a fhéadfaidh síntiúsóir a thabhairt do roinnt iarrthóirí éagsúla ón aon pháirtí, do bhall amháin nó níos mó den pháirtí nó don pháirtí féin in aon bhliain féilire sula gceanglófar ar an síntiúsóir ráiteas síntiús a chur isteach. **Alt 24(1A)(a)** |
| **€2,500** | An síntiús uasta a bhféadfaidh páirtí polaitíochta, aonad cuntasaíochta de chuid páirtí polaitíochta nó tríú páirtí glacadh leis ó dhuine aonair nó ó shíntiúsóir corparáideach cláraithe in aon bhliain féilire. **Alt 23A(1)(ii) agus Alt 48A(1)(ii)** |

# Caibidil 2 – Sainmhínithe

Is é seo a leanas rogha sainmhínithe ón reachtaíocht. Tá na sainmhínithe seo riachtanach chun na treoirlínte a thuiscint. Níl sainmhíniú ar cad is síntiús ann ar áireamh sa rannán seo de na treoirlínte. Leagtar amach i gCaibidil 3 de na treoirlínte na nithe ar síntiúis do pháirtí polaitíochta iad agus na nithe nach síntiúis do pháirtí polaitíochta iad.

## *2.1 Duine*

Áirítear iad seo a leanas leis an sainmhíniú ar dhuine:

- duine aonair;
- comhlacht corpraithe agus aon fhochuideachta dá chuid, e.g. cuideachta phoiblí nó phríobháideach (tá fochuideachta de chuid comhlacht corpraithe mar atá sainmhínithe faoi alt 155 d'Acht na gCuideachtaí); nó
- comhlacht neamhchorpraithe daoine, e.g. páirtí polaitíochta, fo-aonad de chuid páirtí polaitíochta, comhpháirtíocht, cumann cónaitheoirí, brúghrúpa, etc.

## *2.2 Síntiúsóir Corparáideach*

Áirítear iad seo a leanas leis an sainmhíniú ar shíntiúsóir corparáideach:

- comhlacht corpraithe;
- comhlacht neamhchorpraithe daoine; nó
- iontaobhas

a thugann síntiús. Meastar gurb é an t-aon duine amháin atá i gcomhlacht corpraithe agus aon fhochuideachta dá chuid.

## *2.3 Páirtí Polaitíochta*

Chun críocha na dtreoirlínte seo, ciallaíonn páirtí polaitíochta páirtí atá cláraithe i gClár na bPáirtithe Polaitíochta (de réir alt 25 den Acht Toghcháin, 1992) mar pháirtí atá eagraithe le dul san iomaíocht i dtoghchán Dála nó Eorpach nó sa dá thoghchán sin. Ciallaíonn páirtí polaitíochta "cáilithe" (dá dtagraítear i mír 11.1 de na treoirlínte seo) páirtí polaitíochta a cháilíonn do chistiú ón Státchiste faoin Acht ar an mbonn go bhfuair a chuid iarrthóirí nach lú ná 2% de líon iomlán na vótaí céadrogha a fuair na hiarrthóirí uile ag an olltoghchán Dála is déanaí.

## *2.4 Fo-eagraíocht de chuid páirtí polaitíochta*

Ciallaíonn fo-eagraíocht de chuid páirtí polaitíochta comhlacht nó comhlachas (lena n-áirítear comhlacht nó comhlachas a bhfuil oifig aige lasmuigh den Stát):

- ar cuid de pháirtí polaitíochta den sórt sin é, nó
- ar bunaíodh é le bunreacht an pháirtí polaitíochta nó faoin mbunreacht sin, nó
- a ndéanann an páirtí polaitíochta nó na hoifigigh dá chuid rialú air, nó
- a bhfuil feidhmeanna aige ar tugadh dó le bunreacht an pháirtí nó faoin mbunreacht sin.

Má shásaítear aon cheann de na coinníollacha thuas measfar an comhlacht a bheith ina fhochuideachta den pháirtí polaitíochta.

Áirítear leis an sainmhíniú ar fho-eagraíocht aonad cuntasaíochta, craobh, Cumann, Comhairle Dáilcheantair nó aon fho-aonad nó aon chuid eile etc. de chuid an pháirtí, fiú amháin i gcás go bhfuil feidhmeanna ar leith acu faoin Acht.

Le linn don Choimisiún a bhreithniú cibé an bhfuil comhlacht nó comhlachas ina chuid de pháirtí polaitíochta nó faoi rialú éifeachtach páirtí polaitíochta nó a chuid oifigeach, tabharfaidh an Coimisiún aird ar (1) mhéid agus réim an rialaithe a fheidhmíonn páirtí polaitíochta ar an gcomhlacht/comhlachas agus (2) an bhfeidhmíonn an comhlacht/comhlachas sin gnó/fiontar/gníomhaíocht ar a chuntas féin.

Le linn dó méid agus réim an rialaithe a fhéadfaidh páirtí polaitíochta a fheidhmiú a mheas, tabharfaidh an Coimisiún um Chaighdeáin aird ar chineál agus ar imthosca an tsocraithe. Is iad seo a leanas roinnt tosca a fhéadfaidh an Coimisiún um Chaighdeáin a bhreithniú ach nach bhfuil teoranta dóibh

- Cé acu an dteastaíonn agus cé chomh mór agus a bhíonn formheas ón bpáirtí polaitíochta ag teastáil ó ghníomhartha an chomhlachta/an chumainn;
- Cibé an bhfuil baint ag na stiúrthóirí sinsearacha nó ag oifigigh shinsearacha an chomhlachta/cumainn leis an bpáirtí polaitíochta agus cé chomh mór agus atá siad;
- cineál aon idirbheart idir an comhlacht/cumann agus an páirtí polaitíochta lena n-áirítear socruithe iasachta..

Ní mheasann an Coimisiún um Chaighdeáin go bhfuil soláthar seirbhíse do pháirtí polaitíochta faoi chonradh ar théarmaí tráchtála ina tháscaire ar chaidreamh tánaisteach.

## 2.5 Críocha polaitíochta

Ciallaíonn críocha polaitíochta:

i. leasanna páirtí polaitíochta, grúpa polaitíochta, comhalta de cheachtar Teach den Oireachtas nó ionadaí i bParlaimint na hEorpa a chur chun cinn nó cur ina n-aghaidh, bíodh sé go díreach nó go hindíreach, nó

ii. na beartais nó beartas ar leith de chuid páirtí polaitíochta, grúpa polaitíochta, comhalta de cheachtar Teach den Oireachtas, ionadaí i bParlaimint na hEorpa nó tríú páirtí a chur i láthair, bíodh sé go díreach nó go hindíreach, nó

iii. na tuairimí de chuid páirtí polaitíochta, grúpa polaitíochta, comhalta de cheachtar Teach den Oireachtas, ionadaí i bParlaimint na hEorpa nó tríú páirtí a chur i láthair go díreach nó go hindíreach maidir leis an mbeartas nó na beartais ar leith de chuid páirtí polaitíochta eile, grúpa polaitíochta eile, comhalta eile de cheachtar Teach den Oireachtas, ionadaí eile i bParlaimint na hEorpa, tríú páirtí eile nó iarrthóra i dtoghchán nó i reifreann nó ar shlí eile, nó

iv. leasanna tríú páirtí a chur chun cinn nó cur ina n-aghaidh, bíodh sé go díreach nó go hindíreach, i dtaca le stiúradh nó bainistiú a dhéanamh ar aon fheachtas a dhéantar chun toradh ar leith a chur chun cinn nó a fháil maidir le beartas nó beartais nó feidhmeanna de chuid an Rialtais nó aon údaráis phoiblí, nó

v. toghadh iarrthóra i dtoghchán Dála, Seanaid, Uachtaránachta nó Eorpach a chur chun cinn nó cur ina aghaidh, bíodh sé go díreach nó go hindíreach, nó vótaí ar son nó in aghaidh iarrthóra a iarraidh nó cur i láthair a dhéanamh ar na beartais nó ar bheartas ar leith de chuid iarrthóra nó ar na barúlacha de chuid iarrthóra faoi aon ábhar a bhaineann leis an toghchán nó na tuairimí de chuid iarrthóra maidir leis an mbeartas nó na beartais de chuid páirtí polaitíochta nó grúpa polaitíochta nó de chuid iarrthóra eile sa toghchán nó ar shlí eile, nó

vi. féachaint le tionchar a imirt ar an toradh ar thoghchán, ar reifreann nó ar fheachtas ar shlí eile.

## 2.6 Aonad cuntasaíochta

Ciallaíonn aonad cuntasaíochta, i ndáil le páirtí polaitíochta, craobh nó fo-eagraíocht nó fo-aonad eile de chuid an pháirtí a fhaigheann, in aon bhliain ar leith, síntiús ar mó a luach ná €100. Meastar gur aonad cuntasaíochta í ceanncheathrú an pháirtí freisin.

## 2.7 Duine freagrach

Ciallaíonn duine freagrach, i ndáil le haonad cuntasaíochta, an cisteoir nó aon duine eile atá freagrach as a bheith ag déileáil le síntiúis don aonad.

Is cinneadh do gach aonad cuntasaíochta an duine a ainmneofar mar dhuine freagrach. Tá sé tábhachtach go mbeadh dóthain údaráis ag an duine a ainmnítear laistigh den aonad cuntasaíochta chun na hoibleagáidí a leagtar orthu leis an Acht a chomhlíonadh

Ní éilíonn an tAcht go mbeadh cáilíochtaí gairmiúla ar leith ag an duine atá freagrach chun an ról a ghlacadh. Mar sin féin, ba cheart go mbeadh na scileanna agus an saineolas ábhartha ag an duine freagrach don ról, lena n-áirítear:

- Tuiscint dhomhain ar an Acht; agus
- Eolas críochnúil ar an aonad cuntasaíochta ábhartha, a airgeadas agus a struchtúir.

Tá roinnt freagrachtaí ar an duine freagrach maidir leis na síntiúis faoin Acht, go háirithe, ba cheart don duine freagrach cuidiú leis an oifigeach cuí lena chinntiú nach sáraíonn síntiúis don pháirtí na tairseacha síntiús a leagtar amach san Acht. Ina theannta sin, ceanglaítear ar an duine atá freagrach go bliantúil cáipéisí áirithe a sholáthar don Choimisiún um Chaighdeáin maidir lena chuntas síntiús polaitíochta (féach alt 7.4).

Forálann an tAcht do chionta áirithe ag an duine freagrach, agus do phionóis ghaolmhara, maidir le teip chun an tAcht a chomhlíonadh (féach Caibidil 13 Cionta)

## 2.8 *Oifigeach cuí*

Ceanglaítear ar pháirtí polaitíochta oifigeach cuí a cheapadh chun críche Ráiteas Síntiús bliantúil an pháirtí a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin agus le haghaidh nithe eile a eascraíonn faoin Acht. Ba cheart do pháirtithe polaitíochta sonraí an oifigigh chuí a chur in iúl don Choimisiún a luaithe is féidir tar éis iad a ceapadh trí ríomhphost a chur chuig info@sipo.ie leis an líne ábhair “Fógra Oifigeach Cuí do [Cuir isteach ainm an pháirtí polaitíochta]”.

Ina theannta sin, má tá an páirtí polaitíochta cláraithe chun dul san iomaíocht i dtoghcháin Dála, agus má fuair an páirtí 2% nó níos mó de vótaí céad rogha sa toghchán Dála roimhe sin (i.e. is páirtí cáilithe é de réir alt 16 den Acht) ní mór don pháirtí fógra a thabhairt don Aire Caiteachais Phoiblí Sheachadadh PFN agus Athchóirithe, ag tabhairt ainm agus seoladh an duine a cheapfar ina oifigeach cuí agus ní mór dó fógra den chineál céanna a thabhairt má bhíonn aon athrú ar an gceapachán. Más rud é, tráth ar bith, nach ndéanfar aon oifigeach cuí a cheapadh, measfar ceannaire an pháirtí a bheith ceaptha mar an t-oifigeach cuí.

Is cinneadh do gach páirtí polaitíochta é an duine a ainmneofar mar oifigeach cuí. Tá sé tábhachtach go mbeadh údarás leordhóthanach ag an duine a ainmnítear laistigh den pháirtí

(lena n-áirítear údarás le fo-eagraíochtaí an pháirtí) chun na hoibleagáidí a leagtar orthu leis an Acht a chomhlíonadh.

Ní éilíonn an tAcht go mbeadh cáilíochtaí gairmiúla ar leith ag an oifigeach cuí chun an ról a ghlacadh. Mar sin féin, ba cheart go mbeadh na scileanna agus an saineolas ábhartha ag an oifigeach cuí don ról lena n-áirítear:

- Tuiscint dhomhain ar chaighdeáin chuntasaíochta lena n-áirítear FRS102;
- Tuiscint dhomhain ar an Acht; agus
- Eolas críochnúil ar an bpáirtí polaitíochta, a airgeadas agus a struchtúir.

Tá roinnt freagrachtaí ar an oifigeach cuí maidir leis na síntiúis lena n-áirítear:

- A chinntiú go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun síntiúis don pháirtí polaitíochta a d'fhéadfadh dul thar an uasteorainn forordaithe a aithint agus déileáil leo;
- Sonraí aonaid chuntasaíochta an pháirtí polaitíochta a chur in iúl don Choimisiún um Chaighdeáin;
- Ráiteas síntiús bliantúil agus na doiciméid a théann leis a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin lena n-áirítear an dearbhú reachtúil, agus an ráiteas ó institiúid airgeadais agus deimhniú síntiús airgid.
- Fiosrúcháin a dhéanamh de réir mar is gá chun a chinntiú go bhfuil na doiciméid thuas comhlánaithe go cruinn.
- Idirchaidreamh a dhéanamh leis an gCoimisiún um Chaighdeáin maidir le fiosrúcháin a eascraíonn as an ráiteas síntiús agus doiciméid eile.
- A chinntiú nach gcuirtear cosc ar shíntiúis a nglacann an t-oifigeach cuí leo agus na bearta cuí a ghlacadh faoin Acht chun dul i ngleic le síntiúis thoirmiscthe a fháil.

Forálann an tAcht do chionta áirithe ag oifigeach cuí, agus do phionóis ghaolmhara, maidir le teip chun an tAcht a chomhlíonadh (féach Caibidil 13 ar Chionta).

## *2.9 Institiúid Airgeadais*

I ndáil le cuntas síntiús polaitíochta, ciallaíonn “Institiúid Airgeadais” nó “Institiúid”:

- sealbhóir ceadúnais faoi alt 9 d’Acht an Bhainc Cheannais, 1971;
- cumann foirgníochta;
- banc taisce iontaobhais;
- An Post;
- institiúid chreidmheasa atá údaraithe de réir Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Ceanglais Chaipitil) 2014 (S.I. Uimh. 158 de 2014) chun gnó a dhéanamh sa Stát, nó
- comhar creidmheasa atá cláraithe mar sin faoin Acht um Chomhar Creidmheasa 1997.

### 2.10 Síntiús a thugann Idirghabhálaí

Is ionann síntiús ó Idirghabhálaí agus síntiús do pháirtí polaitíochta, do chomhalta de cheachtar Teach den Oireachtas, do ionadaí i bParlaimint na hEorpa, nó d'iarrthóir ar thoghchán Dála, Seanaid nó Eorpach ó dhuine trí dhuine eile.

Ní mór na nithe seo a leanas a bheith ag gabháil le síntiús a thugann Idirghabhálaí:

- fógra go ndéantar an síntiús thar ceann duine nach é an duine atá ag tabhairt an tsíntiúis, agus
- ainm agus seoladh poist an duine a ndéantar an síntiús thar a cheann agus tuairisc air.

### 2.11 Síntiús i bhfoirm criptea-airgeadra

Ciallaíonn 'Criptea-airgeadra 'aon chineál airgeadra digiteach nach bhfuil rialaithe, agus ina n-úsáidtear teicnící criptithe chun giniúint aonad airgeadra a rialáil agus chun aistriú airgid a fhíorú.

## Caibidil 3 - Síntiúis

3.1 Ciallaíonn síntiús do pháirtí polaitíochta aon ranníocaíocht arna tabhairt laistigh nó lasmuigh den Stát chun críocha polaitíochta ag aon duine (lena n-áirítear fo-eagraíocht a bhfuil oifig aige lasmuigh den Stát), cibé acu an comhalta de pháirtí polaitíochta an duine nó nach ea, agus folaíonn sé gach ceann nó aon cheann díobh seo a leanas:

i. síntiús airgid;

ii. síntiús maoine nó earraí;

iii. úsáid saor in aisce as maoin nó earraí (i.e. an ceart a thabhairt chun aon mhaoin nó earraí a úsáid ar feadh tréimhse gan teorainn nó tréimhse shonraithe gan íocaíocht ná comaoin eile a fháil);

iv. soláthar seirbhísí saor in aisce (i.e. an soláthar seirbhísí gan íocaíocht ná aon chomaoin eile ina leith);

v. an difríocht idir an gnáthphraghas tráchtála agus an praghas (níos ísle) a ghearrtar ar mhaoin nó earraí a cheannach, a fháil nó a úsáid nó ar aon seirbhís a sholáthar i gcás gur lú an praghas, an táille nó comaoin eile ná an gnáthphraghas tráchtála (is féidir go n-áirítear leis sin iasacht a chuireann institiúid airgeadais nó tríú páirtí ar fáil do pháirtí polaitíochta ag téarmaí agus coinníollacha atá níos fabhraí ná iad sin a chuireann an institiúid airgeadais ar fáil do dhaoine aonair eile). Tá sonraí faoi sheasamh an Choimisiúin um Chaighdeáin maidir le hiasachtaí a eisiúint agus a aisíoc leagtha amach i gcaibidil 4 de na treoirlínte seo);

vi. ranníocaíocht a dhéanann duine le himeacht tiomsaithe airgid arna eagrú chun airgead a thiomsú do pháirtí polaitíochta. Is é is an síntiús ann ná an céatadán den ranníocaíocht atá inchurtha i leith an ghlanbhrabúis, más ann, a thagann as an imeacht. Meastar síntiúis a bheith faighte ar dháta an imeachta tiomsaithe airgid iarbhír (agus ní ar an dáta ar a bhfaightear na cistí iarbhír). Tugtar tuilleadh sonraí san Aguisín leis na treoirlínte seo faoin seasamh maidir le himeachtaí tiomsaithe airgid.

vii. táille nó síntiús a íocann duine thar a cheann féin nó thar ceann duine amháin eile nó níos mó ná duine amháin eile as ballraíocht nó ballraíocht leantach de pháirtí polaitíochta (áirítear le táillí ballraíochta aon táille/tobhach/síntiús ballraíochta a íoctar le haon fho-aonad de chuid páirtí polaitíochta);

viii. síntiús barúlach/síntiús comhchineáil. Ciallaíonn sé sin go meastar go dtugtar luach barúlach/costas na hoibre/na speansais mar shíntiús don deontaí nuair a íocann duine/eagraíocht as obair/speansais óna (h)acmhainní féin (i.e. nach cistí páirtí iad). Tá síntiúis chomhchineáil le luacháil ag an ngnáthphraghas tráchtála a ghearrtar as an maoin nó na hearraí a cheannach, a úsáid nó a fháil nó as na seirbhísí a thugtar mar shíntiús a sholáthar. Féach mír 3.1(v) thuas.

3.2 Foráiltear leis an Acht nach measfar gur síntiús do pháirtí polaitíochta iad na míreanna seo a leanas:

i. aon íocaíocht, aon seirbhís nó aon áis a sholáthraítear do pháirtí polaitíochta as cistí poiblí nó as suimeanna airgid ó institiúid de chuid an AE nó ó eagraíocht idir- rialtasach eile ina bhfuil an Stát ina pháirtí de bhua é a bheith ina pháirtí polaitíochta, ina ghrúpa polaitíochta nó ina ghrúpa comhaltaí sa Dáil, nó ó bhall de chomhlacht nó ó thoscaire nó ionadaí de chuid comhlachta a bunaíodh le comhaontú nó le socrú nó faoi chomhaontú nó faoi shocrú ina bhfuil an Stát ina pháirtí;

ii. sochair a thagann as seirbhís arna soláthar ag duine aonair, lena n-áirítear úsáid mhótarfheithicil an duine aonair, thar ceann páirtí polaitíochta (seachas duine aonair atá i bhfostaíocht ag fo-eagraíocht de chuid an pháirtí sin a bhfuil oifig aige lasmuigh den Stát), i gcás ina tá an tseirbhís sin saor in aisce agus nach cuid í d'obair an duine aonair sin a dhéantar faoi chonradh fostaíochta, nó i gcás ina bhfuil an phearsa aonair féinfhostaithe, i gcúrsa gnó an duine aonair nó i gcleachtadh ghairm an duine aonair agus ar choinníoll go bhfuil nach bhfuil an duine aonair, go díreach nó go hindíreach, íoctha ag aon duine eile as an tseirbhís sin nó chun soláthar na seirbhíse a éascú;

iii. nuacht, tuarascálacha, ailt, gné-ailt, eagarfhocal nó aon tuairimí eile a fhoilsiú i nuachtán, in iris nó i bhfoilseachán eile, lena n-áirítear litreacha chuig an eagarthóir a fhoilsiú, nó iad a chraoladh ar an raidió nó ar an teilifís, i gcás go dtéitear i bhfeidhm ar fhoilsiú nó ar chraoladh den sórt sin sa tslí chéanna ina dtéitear i bhfeidhm ar ábhar eile a bhaineann le saincheisteanna a bhfuil leas ag an bpobal iontu, agus i gcás nach é is aidhm don fhoilsiú leasanna páirtí polaitíochta a chur chun cinn;

iv. craoladh thar ceann páirtí polaitíochta a tharchur ar an raidió nó ar an teilifís. (Ní chuimsíonn an t-eisiamh sin aon chostais léiriúcháin, ná aon chostais eile, a ghabhann le hábhar a tharchur ar an raidió nó ar an teilifís.)

3.3 Agus breithniú á dhéanamh ar cad is síntiús do pháirtí polaitíochta ann, tá na nithe seo a leanas ábhartha freisin:

i. meastar gur síntiús don pháirtí é síntiús a thugtar do pháirtí polaitíochta, cibé acu go díreach nó trí idirghabhálaí é, má thugtar é chuig ceanncheathrú an pháirtí nó chuig aon bhrainse nó fochuideachta de chuid an pháirtí nó má thugtar é d'aon oifigeach, comhalta nó gníomhaire de chuid an pháirtí nó aon bhrainse nó fochuideachta de;

ii. i gcás ina dtabharfaidh duine níos mó ná síntiús amháin don pháirtí polaitíochta céanna sa bhliain féilire chéanna, ní mór luachanna na síntiús a chomhiomlánú agus déileáil leis na síntiúis mar shíntiús aonair. Leagtar amach i gCaibidil 6 na céimeanna nach mór d'oifigeach iomchuí páirtí polaitíochta a ghlacadh chun an ceanglas maidir le síntiúis a chomhiomlánú a chomhlíonadh;

iii. foráiltear leis an Acht go meastar gur síntiús don pháirtí é síntiús a thugtar do TD, do Sheanadóir nó do Fheisire de chuid páirtí polaitíochta nó d'iarrthóir páirtí polaitíochta ag toghchán Dála, Seanaid nó Eorpach, má chuireann an faighteoir an síntiús ar aghaidh chuig an bpáirtí agus má fhaigheann sé/sí admháil scríofa ón bpáirtí faoin síntiús;

iv. forálann an tAcht freisin, i gcás ina dtabharfar síntiús d'iarrthóir de chuid an pháirtí ag toghchán áitiúil nó do chomhalta den pháirtí ar comhalta d'údarás áitiúil é, go measfar gur síntiús don pháirtí é an síntiús. Ní bhreathnóidh an Coimisiún um Chaighdeáin ar shíntiús arna thabhairt d'iarrthóir ag toghchán áitiúil nó do chomhalta d'údarás áitiúil mar shíntiús do pháirtí polaitíochta, áfach, ach amháin má tá an síntiús tugtha don pháirtí ag an iarrthóir nó ag an gcomhalta lena mbaineann agus go bhfuil admháil scríofa faighte aige ón bpáirtí gur ghlac sé leis an síntiús. Ní cheanglófar ar pháirtithe polaitíochta, mar sin, cuntas a thabhairt ar síntiúis a fuair iarrthóirí ag toghcháin áitiúla nó comhaltaí d'údaráis áitiúla agus nár cuireadh ar aghaidh chuig an bpáirtí.

3.4 Agus breithniú á dhéanamh ar cad nach síntiús do pháirtí polaitíochta ann, tá feidhm ag na cúrsaí seo a leanas freisin:

i. Síntiús a thugtar do pháirtí polaitíochta i dTuaisceart Éireann nó d'eintiteas páirtithe polaitíochta i SAM nó in aon áit eile, a thugtar agus a chuirtear i bhfeidhm chun gníomhaíochtaí polaitiúla/toghcháin an pháirtí lasmuigh den Stát seo a mhaoiniú, agus a

nglacann an páirtí polaitíochta sin leis de réir dhlíthe an stáit ina nglactar leo agus, i gcás gur íocaíochtaí nó ranníocaí airgid iad, a choimeádtar nó a choinnítear i gciste ainmnithe ar leith iad, ní síntiús chun críocha an Actha iad. Ní gá síntiús den sort sin a nochtadh agus níl sé faoi réir na dtoirmeasc a ghabhann le cineálacha áirithe síntiús faoin Acht (féach alt 5.5 de na treoirlínte seo).

ii. Mar atá luaite i mír 3.3(iv), ní mheasfar gur síntiús don pháirtí é síntiús a thugtar do chomhalta d'údarás áitiúil nó d'iarrthóir i dtoghchán áitiúil agus nach dtugtar ar aghaidh don pháirtí agus nach n-admhaítear mar sin.

## Caibidil 4 - Iasachtaí le páirtithe polaitíochta

4.1 I gcás go soláthraíonn institiúid airgeadais iasacht do pháirtí polaitíochta agus gurb infheidhme na gnáthrialacha a ghabhann le hiasachtaí den sórt sin, ní mheastar gur síntiús don pháirtí í an iasacht. Mar sin féin, i gcás go soláthraíonn institiúid airgeadais iasacht do pháirtí polaitíochta i gcúinsí inarb ísle an t-ús a ghearrtar ná an ráta is ísle atá ar fáil ón institiúid airgeadais ag an am a tugadh an iasacht nó i gcás nach n-aisíoctar an iasacht de réir na dtéarmaí agus na gcoinníollacha faoinar eisíodh an iasacht nó nach n-aisíoctar ach cuid den iasacht, féadfar a mheas gur síntiús é an sochar don pháirtí agus, mar sin, féadfaidh sé bheith faoi réir theorainneacha na síntiús nach mór a nochtadh agus na dteorainneacha uasta is infheidhme i leith síntiús a bhféadfar glacadh leo.

4.2 I gcás go dtugann duine aonair nó comhlacht, nach bhfuil ina institiúid airgeadais, iasacht do pháirtí polaitíochta, ní mór é a bheith soiléir gur iasacht *bona fide* í an iasacht a thairgtear. B'infheidhme an méid seo a leanas maidir leis sin:

i. Faoi mar is amhlaidh i gcás iasachta ó institiúid airgeadais, ní mór na téarmaí agus coinníollacha is infheidhme i leith na hiasachta agus aisíocaíocht na hiasachta a bheith luaite go soiléir i scríbhinn.

ii. Tá ús le gearradh ar an iasacht ar ráta (cibé acu is ráta seasta nó ráta athraitheach é) lena léirítear an t-ús a ghearrann institiúidí airgeadais ar iasachtaí lena ngabhann suim agus fad den chineál céanna. I gcás gurb ísle an t-ús a ghearrtar ná an ráta is ísle atá ar fáil ó institiúid airgeadais ag an am a tugadh an iasacht, meastar gur síntiús don pháirtí é an sochar a thagann de bhua na difríochta i rátaí.

iii. Féadfaidh an Coimisiún um Chaighdeáin a éileamh go bhfeicfidh sé na téarmaí agus coinníollacha, lena n-áirítear an táille úis, is infheidhme i leith na hiasachta agus féadfaidh sé dearbhú a éileamh gur aisíocadh an iasacht de réir na dtéarmaí agus coinníollacha sin.

iv. Mura n-aisíoctar an iasacht de réir na dtéarmaí agus coinníollacha, nó mura n-aisíoctar ach cuid di, féadfar a mheas gur síntiús don pháirtí é an sochar a ghabhann le neamh-aisíocaíocht den sórt sin.

# Caibidil 5 - Síntiúis thoirmiscthe

### *5.1 Síntiúis gan ainm os cionn €100*

5.1.1 Ní fhéadfaidh páirtí polaitíochta glacadh le síntiús gan ainm ar mó a luach ná €100. Is síntiús gan ainm é an síntiús i gcás nach eol don pháirtí polaitíochta ainm agus seoladh an tsíntiúsóra. I gcás ina ndéanann Idirghabhálaí síntiús, is gá ainm agus seoladh an tsíntiúsóra bhunaidh. I gcás go bhfaightear síntiús den sórt sin, ní mór don pháirtí polaitíochta fógra i scríbhinn a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeáin faoi laistigh de 14 lá ón síntiús a fháil agus an síntiús nó luach an tsíntiúis a chur ar ais chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin. Ní mór don Choimisiún um Chaighdeáin cóip de gach fógra den sórt sin a fhaightear a leagan os comhair an dá Theach den Oireachtas.

Ní mheasfar síntiúis a thugtar trí sheirbhísí tiomsaithe airgid ar líne a bheith anaithnid i gcás inarb eol don pháirtí polaitíochta ainm agus seoladh an tsíntiúsóra.

### *5.2 Síntiúis airgid thirim os cionn €200*

5.2.1 Ní fhéadfaidh páirtí polaitíochta glacadh le síntiús airgid thirim ar mó a luach ná €200. Má fhaightear síntiús den sórt sin, ní mór don pháirtí polaitíochta, laistigh de 14 lá ón síntiús a fháil, an síntiús, nó an chuid de atá os cionn na teorann más síntiús airgid é, a thabhairt ar ais don síntiúsóir agus taifead scríofa a choinneáil air sin ionas go bhféadfar é a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin, más gá. De rogha air sin, ní mór don pháirtí polaitíochta, laistigh de cheithre lá dhéag ón síntiús a fháil, fógra a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeáin faoin síntiús agus an síntiús, nó an chuid de atá os cionn na teorann más síntiús airgid é, a chur ar ais chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin.

5.2.2 Ní fhorordaítear san Acht cé chomh fada agus is ceart don pháirtí polaitíochta na taifid a choinneáil maidir leis an síntiús a thabhairt ar ais. Molann an Coimisiún um Chaighdeáin, áfach, gur cheart taifid a choinneáil ar feadh 6 bliana ar a laghad

### *5.3 Síntiúis os cionn €200 ó shíntiúsóir corparáideach neamhchláraithe*

5.3.1 Ní fhéadfaidh páirtí polaitíochta glacadh le síntiús ar mó a luach ná €200 ó shíntiúsóir corparáideach **ach amháin** i gcás go bhfuil an síntiúsóir corparáideach cláraithe sa Chlár de Shíntiúsóirí Corparáideacha arna choimeád ar bun ag an gCoimisiún **agus** go ndéantar ráiteas thar ceann an tsíntiúsóra chorparáidigh (agus é á thabhairt in éineacht leis an síntiús don deontaí) ina ndeimhnítear gur cheadaigh an síntiúsóir corparáideach an síntiús. Ní mór dearbhú reachtúil a bheith ag gabháil leis an ráiteas gur ceart i ngach ponc ábhartha atá an

ráiteas de réir mar is fearr is eol don duine lena mbaineann agus mar a chreideann sé agus go ndearna an duine gach beart réasúnach chun a bheith sásta maidir le cruinneas an ráitis. I gcás cuideachta, ba chóir go ndéanfadh stiúrthóir nó oifigeach eile de chuid na cuideachta an ráiteas agus an dearbhú reachtúil. I gcás comhlachta chorpraithe seachas cuideachta nó comhlacht neamhchorpraithe daoine, ba cheart d'oifigeach nó d'aon duine atá ag comhlíonadh feidhmeanna oifigigh de chuid an chomhlachta an ráiteas agus an dearbhú a sholáthar. Más iontaobhas é an síntiúsóir corparáideach, ba cheart d'iontaobhaí an iontaobhais an ráiteas agus an dearbhú a sholáthar.

5.3.2 Má fhaightear síntiús den sórt sin, ní mór don pháirtí polaitíochta, laistigh de 14 lá ón síntiús a fháil, an síntiús, nó an chuid de atá os cionn na teorann más síntiús airgid é, a thabhairt ar ais don síntiúsóir agus taifead scríofa a choinneáil air sin ionas go bhféadfar é a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin, más gá. De rogha air sin, ní mór don pháirtí polaitíochta, laistigh de cheithre lá dhéag ón síntiús a fháil, fógra a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeáin faoin síntiús agus an síntiús, nó an chuid de atá os cionn na teorann más síntiús airgid é, a chur ar ais chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin.

5.3.3 Ní fhorordaítear san Acht cé chomh fada agus is ceart don pháirtí polaitíochta na taifid a choinneáil maidir leis an síntiús a thabhairt ar ais. Molann an Coimisiún um Chaighdeáin, áfach, gur cheart taifid a choinneáil ar feadh 6 bliana ar a laghad.

5.3.4. Ciallaíonn ceadaithe ag an Síntiúsóir Corparáideach

a. go ndearnadh cruinniú ginearálta, arb é ceann dá chuspóirí ná breithniú a dhéanamh ar shíntiús a thabhairt, agus a stiúradh go cuí é agus gur tugadh faomhadh chun an síntiús a thabhairt i gcomhréir leis na rialacha (i scríbhinn nó nach ea) a rialaíonn riaradh agus rialaithe an síntiúsóra corparáideach lena mbaineann agus a rialóidh a ghníomhaíochtaí agus áireofar sna rialacha sin:
    i. i gcás cuideachta, meabhrán agus airteagail na cuideachta
    ii. i gcás comhlachta chorpraithe seachas cuideachta, an chairt, an reacht, nó ionstraim eile dá shamhail lena mbunaítear é,
    iii. i gcás comhlachta neamhchorpraithe daoine, rialacha an chomhlachta.

b. go ndéanann iontaobhaí síntiús i gcomhréir leis an ngníomhas iontaobhais lena mbunaítear an t-iontaobhas lena mbaineann cén gníomhas iontaobhais a cheadaíonn síntiús den sórt sin a dhéanamh

## 5.4 Síntiúis os cionn na teorann uasta forordaithe €2,500

5.4.1 Is é €2,500 an luach uasta síntiúis/síntiús a bhféadfaidh páirtí polaitíochta glacadh leis, go díreach nó trí idirghabhálaí, ón aon síntiúsóir amháin san aon bhliain féilire amháin. I gcás go dtugann síntiúsóir níos mó ná síntiús amháin do pháirtí polaitíochta i mbliain ar leith, ní mór na síntiúis a chomhiomlánú ionas go gcloífear leis an teorainn uasta. Leagtar amach i gCaibidil 6 na bearta nach mór don oifigeach cuí de chuid páirtí polaitíochta a dhéanamh chun cloí leis an gceanglas atá ann síntiúis a chomhiomlánú.

5.4.2 Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil dualgas ar dhuine, roimh dó glacadh le síntiús, a sheiceáil leis an síntiúsóir agus/nó le hoifigeach cuí an pháirtí nach rachaidh suim iomlán na síntiús atá faighte ag an bpáirtí ón síntiúsóir sin os cionn na teorann uasta forordaithe má ghlactar leis an síntiús. Más dóigh go rachaidh luach comhiomlán na síntiús atá faighte ag an bpáirtí ón aon síntiúsóir amháin os cionn na teorann €2,500 má ghlactar leis an síntiús atá á thairiscint, ní mór diúltú don síntiús nó don chuid sin atá os cionn na teorann.

5.4.3 I gcás go bhfaigheann páirtí polaitíochta síntiús ar mó a luach ná €2,500, ní mór don pháirtí polaitíochta, laistigh de cheithre lá dhéag ón síntiús sin a fháil, an síntiús a thabhairt ar ais don síntiúsóir nó, i gcás gur síntiús airgid é, an chuid sin atá os cionn na teorann a thabhairt ar ais don síntiúsóir. Ní mór taifead scríofa a choinneáil ar thabhairt ar ais an tsíntiúis ionas go bhféadfar é a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin, más gá. De rogha air sin, ní mór don pháirtí polaitíochta, laistigh de ceithre lá dhéag ón síntiús a fháil, fógra a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeáin faoin síntiús agus an síntiús nó luach an tsíntiúis a chur ar ais chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin. I gcás síntiús airgid, ní mór an chuid de atá os cionn na teorann a chur ar ais. Ní fhorordaítear san Acht cé chomh fada agus is ceart don pháirtí polaitíochta na taifid a choinneáil maidir leis an síntiús a thabhairt ar ais. Molann an Coimisiún um Chaighdeáin, áfach, gur cheart taifid a choinneáil ar feadh 6 bliana ar a laghad.

## 5.5 Síntiúis ón gcoigríoch

5.5.1 Ní fhéadfaidh páirtí polaitíochta ná ceann ar bith dá chuid fo-aonad glacadh le síntiús, de luach ar bith, ó dhuine aonair (seachas saoránach Éireannach) a chónaíonn lasmuigh d'oileán na hÉireann. Mar an gcéanna, ní fhéadfar glacadh le síntiús ar bith, de luach ar bith, ó chomhlacht corpraithe nó ó chomhlacht neamhchorpraithe daoine nach bhfuil oifig aige ar oileán na hÉireann óna stiúrtar ceann amháin ar a laghad dá phríomhghníomhaíochtaí.

5.5.2 Is faoin duine atá ag glacadh leis an síntiús cibé fiosruithe is gá a dhéanamh agus aon fhianaise chomhthacaíoch a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil a fháil d'fhonn a bheith deimhin nach bhfuil cosc air glacadh le síntiús ón duine lena mbaineann. Féadfaidh an Coimisiún um Chaighdeáin fianaise a éileamh go bhfuil cead ag páirtí polaitíochta glacadh le síntiús ó shíntiúsóir ar leith.

5.5.3 I gcás ina bhfaightear síntiús coigríche toirmiscthe den sórt sin, ba cheart don fhaighteoir, ba cheart don fhaighteoir, laistigh de 14 lá, an síntiús a thabhairt ar ais don síntiúsóir agus taifead scríofa a choinneáil ar a thabhairt ar ais ionas go bhféadfar é a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin, más gá. De rogha air sin, ba cheart don fhaighteoir, laistigh de 14 lá, fógra a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeáin agus an síntiús nó luach an tsíntiúis a chur ar ais chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin. Ní fhorordaítear san Acht cé chomh fada agus is ceart don pháirtí polaitíochta na taifid a choinneáil maidir leis an síntiús a thabhairt ar ais. Molann an Coimisiún um Chaighdeáin, áfach, gur cheart taifid a choinneáil ar feadh 6 bliana ar a laghad.

### *5.6 Síntiúis i bhfoirm criptea-airgeadra*

5.6.1 Ní fhéadfaidh páirtí polaitíochta glacadh le síntiús, d'aon luach, i bhfoirm criptea-airgeadra. Má fhaightear síntiús den sórt sin, ní mór don tríú páirtí, laistigh de 14 lá, an síntiús a thabhairt ar ais don síntiúsóir agus taifead scríofa a choinneáil ar an tuairisceán chun é a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin, más gá. Mar mhalairt air sin, ba cheart don fhaighteoir, laistigh de 14 lá, fógra a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeáin agus an síntiús, nó a luach, a chur ar ais chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin. Ní fhorordaítear san Acht cé chomh fada agus is ceart don pháirtí polaitíochta na taifid a choinneáil maidir leis an síntiús a thabhairt ar ais. Molann an Coimisiún um Chaighdeáin, áfach, gur cheart taifid a choinneáil ar feadh 6 bliana ar a laghad.

### *5.7 Síntiúis ó shíntiúsóirí a gceanglaítear orthu féin Ráiteas Síntiús a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin agus nach bhfuil sé beartaithe acu déanamh amhlaidh*

5.7.1 Ceanglaítear ar shíntiúsóir Ráiteas Síntiús a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin faoin 31 Eanáir gach bliain más rud é gur thug an síntiúsóir síntiúis sa bhliain roimhe sin ar mó a luach comhiomlán ná €1,500

- do bheirt nó níos mó a bhí ina mbaill den aon pháirtí polaitíochta amháin tráth thabhairt na síntiús, nó,
- do dhuine amháin nó níos mó agus don pháirtí polaitíochta dá raibh an duine sin nó na daoine sin ina bhall nó ina mbaill tráth thabhairt na síntiús.

5.7.2 Más rud é go dtairgeann síntiúsóir a chuimsítear leis an bhforáil sin den reachtaíocht síntiús do dhuine, lena n-áirítear oifigeach, ball nó gníomhaire de chuid páirtí polaitíochta nó d'fho-aonad de chuid páirtí polaitíochta nó de chuid ar bith de pháirtí polaitíochta agus gurb eol don duine sin, nó go bhfuil cúis aige a chreidiúint, nach bhfuil sé beartaithe ag an síntiúsóir Ráiteas Síntiús a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin, beidh toirmeasc ar an duine glacadh le síntiús ón síntiúsóir sin.

5.7.3 In ainneoin an toirmisc sin, má fhaightear síntiús den sórt sin, ní mór don fhaighteoir, laistigh de 14 lá tar éis é a fháil, fógra i scríbhinn a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeáin faoin síntiús agus faoi ainm agus sheoladh an tsíntiúsóra agus an síntiús nó luach an tsíntiúis a chur ar ais chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin. Ní mór don Choimisiún um Chaighdeáin cóip de gach fógra den sórt sin a leagan os comhair an dá Theach den Oireachtas.

## Caibidil 6 - Nósanna imeachta maidir le síntiúis a chomhiomlánú

6.1 Mar atá luaite i mír 5.4, ceanglaítear le halt 23A(3) den Acht ar pháirtí polaitíochta síntiúis a fhaightear ón aon duine amháin san aon bhliain féilire amháin a chomhiomlánú chun a chinntiú nach nglacfaidh sé le síntiús atá os cionn na teorann uasta forordaithe de €2,500. D'fhonn cloí leis an gceanglas sin, ní mór don oifigeach cuí de chuid gach páirtí polaitíochta a chinntiú go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun aithint a dhéanamh ar shíntiúis don pháirtí a d'fhéadfadh a bheith os cionn na teorann uasta forordaithe agus déileáil leo sin.

6.2 Mar atá luaite i mír 3.4, measfaidh an Coimisiún um Chaighdeáin gur tugadh síntiús do pháirtí polaitíochta más rud é gur tugadh é:

- do cheanncheathrú an pháirtí;
- d'aon fho-aonad, d'aon chraobh nó d'aon fho-eagraíocht de chuid an pháirtí;
- d'aon oifigeach, d'aon bhall nó d'aon ghníomhaire de chuid an pháirtí nó d'aon fho-aonad,
- d'aon chraobh nó d'aon fho-eagraíocht de chuid an pháirtí sin;
- do TD, do Sheanadóir, do FPE nó do chomhalta d'údarás áitiúil de chuid an pháirtí a thugann an síntiús ar aghaidh don pháirtí agus a fhaigheann admháil i scríbhinn ón bpáirtí go bhfuarthas an síntiús; nó
- d'iarrthóir de chuid an pháirtí i dtoghchán Dála, i dtoghchán Seanaid, i dtoghchán Eorpach nó i dtoghchán áitiúil a thugann an síntiús ar aghaidh don pháirtí agus a fhaigheann admháil i scríbhinn ón bpáirtí go bhfuarthas an síntiús.

6.3 Molann an Coimisiún um Chaighdeáin go ndéanfaí gach síntiús ar mó a luach ná €50 a bhfaigheann craobh nó fo-eagraíocht de chuid an pháirtí iad a thaifeadadh agus fógra a thabhairt d'oifigeach cuí an pháirtí fúthu chun críocha cloí leis an teorainn uasta fhorordaithe. Áirítear leo sin síntiúis a fhaigheann ionadaí tofa, iarrthóir i dtoghchán nó oifigeach eile / ball eile de chuid an pháirtí agus a thugtar ar aghaidh do cheanncheathrú an pháirtí nó do chraobhacha nó d'fho-eagraíochtaí de chuid an pháirtí. Mura bhfuil na nósanna imeachta sin i bhfeidhm cheana féin, ba cheart iad a chur i bhfeidhm láithreach.

6.4 I gcás gur mó ná €2,500 luach comhiomlán na síntiús a fhaigheann an páirtí ón aon duine amháin san aon bhliain féilire amháin, ní mór na bearta atá leagtha amach i mír 5.4 a dhéanamh. Is faoi fhaighteoir beartaithe an tsíntiúis ceist a chur ar an síntiúsóir agus/nó ar oifigeach cuí an pháirtí faoi cé acu a thug nó nár thug an síntiúsóir sin síntiúis eile don

pháirtí le linn na bliana féilire a thabharfaidh an síntiús atá á thairiscint os cionn na teorann uasta glactha.

6.5 Mar atá luaite i mír 7.3, ní mór don oifigeach cuí de chuid páirtí polaitíochta fógra a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeáin faoi shonraí maidir le haonaid chuntasaíochta an pháirtí, i.e. craobhacha nó fo-eagraíochtaí, a fuair síntiús ar mó a luach ná €100. Na nósanna imeachta molta a bhaineann le fógra a thabhairt d'oifigigh chuí faoi gach síntiús ar mó a luach ná €50, cinnteoidh siad go dtabharfar fógra d'oifigigh chuí faoi gach aonad cuntasaíochta. Ba cheart go gcinnteodh sé sin go gcloífí leis an gceanglas fógra a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeáin faoi na haonaid chuntasaíochta ar fad.

6.6 Mar atá leagtha amach i mír 8.1, ceanglaítear ar an oifigeach cuí de chuid gach páirtí polaitíochta Ráiteas Síntiús a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin gach bliain. Ní mór sonraí a nochtadh faoi shíntiúis a fuarthas sa bhliain roimhe sin ar mhó a luach ná €1,500. Ní mór síntiúis ón aon duine amháin san aon bhliain féilire amháin a chomhiomlánú agus a nochtadh más mó a luach comhiomlánaithe ná €1,500. Ba cheart an nochtadh sin a dhéanamh beag beann ar cé acu atá nó nach bhfuil ceangal ar an síntiúsóir Ráiteas Síntiús a chur ar fáil (féach mír 5.6).

6.7 Tá dualgas ar an oifigeach cuí de chuid gach páirtí polaitíochta fiosruithe a dhéanamh agus taifid a choinneáil de réir mar a theastaíonn chun críche Ráiteas Síntiús an pháirtí a chur ar fáil. Measann an Coimisiún um Chaighdeáin go gcabhróidh a chomhairle maidir le fógra a thabhairt d'oifigigh chuí faoi gach síntiús ar mó a luach ná €50 le hoifigigh chuí an ceanglas sin a chomhlíonadh agus go bhfágfaidh sé go mbeidh oifigigh chuí níos ábalta a chur in iúl do shíntiúsóir go bhfuil ceangal air Ráiteas Síntiús a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin faoi alt 24(1A) den Acht.

## Caibidil 7 - Cuntais Síntiús Polaitíochta

7.1 Ní mór d'aonad cuntasaíochta de chuid páirtí polaitíochta a fhaigheann, i mbliain ar leith, síntiús airgid ar mó a luach ná €100 cuntas in institiúid airgeadais sa Stát a oscailt agus a choinneáil agus an síntiús sin agus aon síntiúis airgid bhreise a fhaigheann sé, is cuma cén luach a bhaineann leo, a thaisceadh sa chuntas sin.

7.2 Tá sainmhíniú ar cad is "institiúid airgeadais" ann in alt 22(2)(aa) den Acht agus i mír 2.9. Áiríonn sé An Post agus formhór na mbanc, na gcumann foirgníochta agus na foras creidmheasa.

7.3 Ní mór don oifigeach cuí de chuid gach páirtí polaitíochta fógra a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeáin faoi ainm agus faoi sheoladh gach aonaid chuntasaíochta de chuid an pháirtí mar aon le hainm an duine fhreagraigh nó na ndaoine freagracha san aonad cuntasaíochta. Scríobhann an Coimisiún um Chaighdeáin gach bliain chuig na hoifigigh chuí de chuid gach páirtí polaitíochta agus é ag lorg sonraí faoi na haonaid chuntasaíochta dá gcuid. Mar atá luaite i mír 6.3, ní mór don oifigeach cuí nósanna imeachta a chur i bhfeidhm chun a chinntiú go dtugtar fógra dó faoi gach síntiús ar mó a luach ná €50. I gcás go dtugann craobh nó fo-eagraíocht fógra faoi shíntiús os cionn
€50 mar chuid de na nósanna imeachta sin, ba cheart don oifigeach cuí a sheiceáil ar thug sé fógra don Choimisiún um Chaighdeáin gur aonad cuntasaíochta í an chraobh/an fho-eagraíocht ar leith nó nár thug. Más rud é nár thug agus go bhfuair an t-aonad síntiús comhiomlánaithe dar luach €100, ba cheart don oifigeach cuí na sonraí ábhartha (mar atá leagtha amach thuas) a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin.

7.4 Tráth nach déanaí ná an 31 Márta gach bliain, ní mór don duine freagrach i ngach aonad cuntasaíochta na nithe seo a leanas a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin:

i. ráiteas ón institiúid airgeadais inar osclaíodh an cuntas síntiús polaitíochta ina sonraítear na hidirbhearta a rinneadh i ndáil leis an gcuntas sa bhliain roimhe sin, agus
ii. deimhniú, a bhfuil a ainm leis, ina luaitear go ndearnadh na síntiúis airgid uile a fuarthas sa bhliain roimhe a thaisceadh sa chuntas agus gur chun críocha polaitiúla a úsáideadh na suimeanna uile a baineadh as an gcuntas, agus

iii. dearbhú reachtúil, a bhfuil a ainm leis, ina ndeimhnítear, de réir mar is fearr is eol don duine freagrach agus mar a chreideann sé, go bhfuil an deimhniú ceart i ngach ponc ábhartha agus go ndearnadh gach beart réasúnach chun é féin a shásamh go bhfuil an deimhniú cruinn. Ní mór an Dearbhú Reachtúil a bheith fianaithe ag duine ar aturnae cleachtach, Coimisinéir Mionnaí, Feidhmeannach Síochána nó Nótaire Poiblí é. (Tagraítear don Deimhniú agus don Dearbhú Reachtúil anseo ina dhiaidh seo mar Dheimhniú Síntiúis Airgid.)

7.5 An ráiteas ó institiúid airgeadais agus an Deimhniú Síntiúis Airgid i leith ceanncheathrú páirtí polaitíochta, ba cheart d’oifigeach cuí an pháirtí iad a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin i dteannta Ráiteas Síntiús bliantúil an pháirtí (féach mír 8.4).

7.6 Coimeádfaidh an Coimisiún um Chaighdeáin na ráitis ó institiúidí airgeadais agus Deimhnithe Síntiúis Airgid agus ní nochtfaidh sé a bhfuil iontu mura n-ordaíonn cúirt go ndéanfar amhlaidh nó más gá iad a nochtadh i dtaca le himscrúdú atá á reáchtáil ag an gCoimisiún um Chaighdeáin.

## Caibidil 8 - Ráitis Síntiús

8.1 Ní mór don oifigeach cuí de chuid gach páirtí polaitíochta Ráiteas Síntiús a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin tráth nach déanaí ná an 31 Márta gach bliain.

8.2 Ní mór a léiriú sa Ráiteas Síntiús cé acu a fuair nó nach bhfuair an páirtí síntiús ar mhó a luach ná €1,500 ón aon duine amháin sa bhliain féilire roimhe. Ní mór síntiúis ón aon duine amháin san aon bhliain féilire amháin a chomhiomlánú agus ní mór caitheamh leis na síntiúis mar shíntiús aonair. Tugtar breac-chuntas i gCaibidil 3 ar na cúinsí ina meastar go bhfuil síntiús tugtha do pháirtí polaitíochta. Tá breac-chuntas i mír 6.1 ar na nósanna imeachta nach mór a chur i bhfeidhm chun críocha síntiúis don pháirtí a chomhiomlánú. Mar atá luaite i mír 6.6, ba cheart gach síntiús ón aon duine amháin ar tugadh fógra don oifigeach cuí fúthu agus ar mó a luach comhiomlán ná €1,500, ba cheart iad a nochtadh anois i Ráiteas Síntiús bliantúil an pháirtí. D'fhéadfadh go n-áireofaí leo sin síntiúis a gceanglaítear ar shíntiúsóir aonair iad a nochtadh faoi alt 24(1A) den Acht (féach mír 5.6). I gcás go dtugtar síntiús (nó an méid barrachais) ar ais chuig an síntiúsóir nó go gtugtar ar ais chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin é, agus go bhfuil méid an tsíntiúis os cionn €1,500, ní mór é a nochtadh ar an ráiteas síntiús. Ba cheart nóta a chur i gceangal lena léirítear gur tugadh ar ais é (nó an barrachas) nó gur tugadh ar ais chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin é.

8.3 I gcás gach síntiúis is gá a nochtadh, ní mór luach agus cineál an tsíntiúis/na síntiús a lua mar aon le hainm agus seoladh an duine a thug an síntiús/na síntiúis nó ar tugadh é/iad thar a cheann agus cur síos ar an duine sin agus an dáta ar a bhfuarthas an síntiús; a lua cé acu a iarradh an síntiús ón síntiúsóir nó nár iarradh agus, má iarradh, ainm an duine a d'iarr an síntiús a lua, agus a lua cé acu a eisíodh admháil chuig an síntiúsóir i leith an tsíntiúis nó nár eisíodh agus, má eisíodh, an dáta ar ar eisíodh an admháil agus ainm an duine a d'eisigh an admháil a lua. Ní mór dearbhú reachtúil a bheith ag gabháil leis an Ráiteas Síntiús á rá gur ceart i ngach ponc ábhartha atá an ráiteas de réir mar is fearr is eol don oifigeach cuí agus mar a chreideann sé, agus go ndearna sé gach beart réasúnach chun é a shásamh go bhfuil sé cruinn. Ní mór an Dearbhú Reachtúil a bheith fianaithe ag duine ar aturnae cleachtach, Coimisinéir Mionnaí, Feidhmeannach Síochána nó Nótaire Poiblí é.

8.4 Tá an t-oifigeach cuí freagrach freisin as a chinntiú nach gcuirtear cosc ar shíntiúis a ghlacann sé/sí faoin Acht (féach Caibidil 5). Tá sé seo thar a bheith tábhachtach nuair a fhaightear síntiúis ar líne. I gcás ina bhfuil páirtí polaitíochta ag glacadh le síntiúis trí shuíomh gréasáin, ní mór don oifigeach cuí a chinntiú gur féidir leis/léi foinse an tsíntiúis a shainaithint i gceart agus nach bhfuil cosc air/uirthi glacadh le síntiús ón deontóir. Tá sé tábhachtach freisin chun críocha nochta agus chun críocha cloí leis an uasteorainn glactha go bhfuil córas i bhfeidhm ag an oifigeach cuí a chomhiomlánóidh gach síntiús ón deontóir céanna (le cárta creidmheasa, cárta dochair srl.) agus/nó a fhaightear trí mhodhanna eile.

8.5 Molann an Coimisiún, má tá seirbhís slua-mhaoinithe á úsáid ag páirtí polaitíochta, gur cheart dó a shoiléiriú do shíntiúsóirí nach gceadaítear glacadh le síntiúis thoirmiscthe. Féadfaidh an t-oifigeach cuí iarracht a dhéanamh oibriú leis an tseirbhís chun bearta a chur i bhfeidhm chun tacú leis seo.

8.6 Ba cheart don oifigeach cuí a chinntiú go mbeidh ráiteas ón institiúid airgeadais ina gcoimeádtar cuntas síntiús polaitíochta cheanncheathrú an pháirtí mar aon le Deimhniú Síntiús Airgid a bhaineann leis an gcuntas sin ag gabháil leis an Ráiteas Síntiús agus an dearbhú reachtúil a thugtar don Choimisiún um Chaighdeáin.

8.7 Tá dualgas reachtúil ar oifigeach cuí gach páirtí polaitíochta cibé fiosrúcháin a dhéanamh agus cibé taifid a choinneáil is gá chun críche Ráiteas Síntiús an pháirtí a chur ar fáil agus an dearbhú reachtúil a dhéanamh. Mar a dúradh i mír 6.3, ba chóir nósanna imeachta a chur i bhfeidhm anois chun a chinntiú go gcuireann brainsí agus fo-eagraíochtaí na hoifigigh chuí ar an eolas faoi gach síntiús níos mó ná €50. Déantar é seo lena chinntiú nach nglacann an páirtí le síntiúis os cionn na huasteorann forordaithe. Cabhróidh na nósanna imeachta seo, áfach, leis an oifigeach cuí chun a c(h)uid riachtanas a chomhlíonadh maidir le Ráiteas Síntiús bliantúil an pháirtí.

8.8 I gcás go dteastaíonn ón gCoimisiún um Chaighdeáin faisnéis bhreise nó faisnéis fhorlíontach i ndáil le Ráiteas Síntiús an pháirtí, ní mór í a bheith curtha ar fáil ag an oifigeach cuí sa riocht a sonraíonn an Coimisiún um Chaighdeáin é agus ní mór dearbhú reachtúil a bheith ag gabháil léi, má theastaíonn ón gCoimisiún é.

8.9 Ní mór don Choimisiún um Chaighdeáin gach Ráiteas Síntiús a thugann an t-oifigeach cuí de chuid páirtí polaitíochta dó a bhreithniú. I gcás go n-aimsíonn an Coimisiún um Chaighdeáin go bhfuil mionearráid nó easnamh i Ráiteas Síntiús, cuirfidh sé sonraí faoin earráid nó faoin easnamh ar fáil don oifigeach cuí agus tabharfaidh sé fógra don oifigeach cuí go bhfuil 14 lá aige ó dháta an fhógra an earráid a cheartú nó an t-easnamh a réiteach.

8.10 I gcás go bhfuil an Coimisiún um Chaighdeáin den tuairim, tar éis dó Ráiteas Síntiús a bhreithniú, go bhféadfadh go ndearnadh sárú ar an reachtaíocht, ceanglaítear air fógra a thabhairt don oifigeach cuí faoin sárú féideartha agus 14 lá a thabhairt dó aon bharúlacha a d'fhéadfadh a bheith aige a chur ar fáil. Breithneoidh an Coimisiún um Chaighdeáin na barúlacha a chuireann an t-oifigeach cuí ar fáil agus, más rud é go bhfuil sé den tuairim fós go ndearnadh sárú ar an reachtaíocht, is é an seasamh atá ann faoi láthair ná go dtabharfaidh an Coimisiún um Chaighdeáin tuarascáil ar an ábhar, mar aon le haon doiciméadacht ábhartha, don Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí. Ar thosach feidhme alt 182 den Acht um Athchóiriú Toghcháin 2022, breithneoidh an Coimisiún um Chaighdeáin an bhfuil, ina thuairim, fianaise leordhóthanach chun údar a thabhairt d'imeachtaí coiriúla faoin Acht, nó i gcás nach bhfuil dóthain fianaise ann i dtaobh an ordóidh sé nó sí aon imscrúdú a dhéanamh ( féach Caibidil 10.

# Caibidil 9 - Ráiteas Ceannaire an Pháirtí

9.1 Déanfaidh ceannaire gach páirtí polaitíochta cláraithe, a raibh comhaltaí aige, sa bhliain roimhe sin, i gceachtar Teach den Oireachtas nó i bParlaimint na hEorpa, ráiteas i scríbhinn a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeáin, san fhoirm a ordóidh an Coimisiún um Chaighdeáin, i leith na bliana roimhe sin, agus cuirfidh sé in iúl

a) luach gach síntiús arna fháil ag an bpáirtí polaitíochta ó lasmuigh den Stát (más ann), cibé acu in airgead nó i sochar comhchineáil, ar mó é ná €100 ina luach agus
b) ag dearbhú go bhfuil gach síntiús den sórt sin (lena n-áirítear gach ranníoc) curtha san áireamh sa ráiteas scríofa don bhliain sin.

Mar a luadh i mír 3.4 thuas, síntiús a thugtar do pháirtí polaitíochta i dTuaisceart Éireann nó d'eintiteas de chuid páirtí polaitíochta i SAM nó in áit eile, a thugtar agus a chuirtear i bhfeidhm chun críocha gníomhaíochtaí polaitiúla/toghcháin an pháirtí lasmuigh a mhaoiniú, agus a nglacann an páirtí polaitíochta sin leis de réir dhlíthe an stáit ina nglactar leo agus, i gcás inar íocaíocht airgid nó ranníocaí airgid iad, a choimeádtar nó a choinnítear i gciste ainmnithe ar leith iad, nach síntiús chun críocha an tAcht iad. Ní cheanglaítear ar cheannaire an pháirtí mar sin an síntiús sin a nochtadh ar ráiteas cheannaire an pháirtí.

Ceanglaítear ar cheannaire an pháirtí freisin dearbhú reachtúil a chur ar fáil a dhéanann an duine a chuireann an ráiteas ar fáil go bhfuil an ráiteas ceart i ngach gné ábhartha, chomh fada agus is eol do cheannaire an pháirtí, agus go bhfuil gach gníomh réasúnach glactha ag ceannaire an pháirtí chun a bheith sásta maidir le cruinneas an ráitis.

Tá dualgas ar cheannaire an pháirtí faoin Acht cibé fiosrúcháin a dhéanamh agus cibé taifid a choinneáil is gá chun críche ráiteas cheannaire an pháirtí a chur ar fáil agus an dearbhú reachtúil a dhéanamh.

## Caibidil 10 - Iniúchadh ar dhoiciméid a chuirtear ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin

10.1 Ceanglaítear ar an gCoimisiún um Chaighdeáin cóip de gach Ráiteas Síntiús agus de gach dearbhú reachtúil a chur faoi bhráid an dá Theach den Oireachtas. Cuirtear Ráitis Síntiúis faoi bhráid na dTithe a luaithe a bheidh na breithnithe thuas tugtha chun críche ag an gCoimisiún. I gcás ina ndéanfar leasú ina dhiaidh sin ar ráiteas síntiús, leagfar an ráiteas leasaithe faoi bhráid na dTithe a luaithe a bheidh a bhreithnithe tugtha chun críche ag an gCoimisiún. Coimeádfar an t-ábhar in Oifig an Choimisiúin um Chaighdeáin ar feadh tréimhse trí bliana agus beidh sé ar fáil don phobal lena iniúchadh agus lena chóipeáil a luaithe a bheidh a bhreithnithe tugtha chun críche ag an gCoimisiún agus an ráiteas sin leagtha faoi bhráid na dTithe. Foilsítear sonraí faoi na síntiúis ar nocht páirtithe polaitíochta iad ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin um Chaighdeáin.

10.2 Mar atá luaite i mír 7.6, coimeádfaidh an Coimisiún um Chaighdeáin na ráitis ó institiúidí airgeadais agus Deimhnithe Síntiúis Airgid agus ní nochtfaidh sé a bhfuil iontu mura n-ordaíonn cúirt go ndéanfar amhlaidh nó más gá iad a nochtadh i dtaca le himscrúdú a bheidh á reáchtáil ag an gCoimisiún um Chaighdeáin.

## Caibidil 11 - Tuarascáil chuig Cathaoirleach na Dála

11.1 Cuireann an Coimisiún um Chaighdeáin tuarascáil ar fáil do Chathaoirleach na Dála (Ceann Comhairle) gach bliain i ndáil leis na Ráitis Síntiús bhliantúla a chuir páirtithe polaitíochta ar fáil dó. Foilsítear an tuarascáil ar shuíomh Gréasáin an Choimisiúin um Chaighdeáin freisin.

## Caibidil 12 - Fógra a thabhairt don Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

12.1 Ní mór don Choimisiún um Chaighdeáin a chur in iúl don Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an 1 Bealtaine gach bliain nó roimh an dáta sin cé acu a fuarthas nó nach bhfuarthas Ráiteas Síntiús i dtaca leis an mbliain roimhe ó pháirtí polaitíochta cáilithe.

12.2 Cuirfear íoc cistiú ón Státchiste le páirtí polaitíochta cáilithe faoin Acht ar fionraí tar éis an 30 Aibreán in aon bhliain ar leith go dtí go mbeidh Ráiteas Síntiús an pháirtí don bhliain roimhe agus an Ráiteas Caiteachais ar chistiú ón Státchiste (atá riachtanach faoi alt 20 den Acht) faighte ag an gCoimisiún um Chaighdeáin agus curtha ar aghaidh chuig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. (Is i dtreoirlínte ar leith ar fhoilsigh an Coimisiún um Chaighdeáin iad atá sonraí iomlána faoi na ceanglais reachtúla i ndáil le híoc cistí ón Státchiste le páirtithe polaitíochta cáilithe faoin Acht.)

## Caibidil 13 - Cionta agus pionóis

13.1 Beidh duine ciontach i gcion sna cásanna seo a leanas –

(i) nuair a theipeann air/uirthi an beart iomchuí (mar atá leagtha amach i gcaibidil 5) maidir le síntiús anaithnid a fháil (**baineann sé seo le hoifigeach cuí agus/nó le an duine freagrach d'aonad cuntasaíochta**). Mar shampla, d'fhéadfadh cion tarlú nuair a

- Ní sheoltar síntiús anaithnid chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin laistigh de 14 lá tar éis é a fháil; nó
- Ní chuirtear na síntiúis in iúl don Choimisiún um Chaighdeáin laistigh de 14 lá tar éis iad a fháil.

(ii) Glacann nó má theipeann orthu go feasach an gníomh cuí a dhéanamh, (mar atá leagtha amach i gCaibidil 5) i ndáil le síntiús ó shíntiúsóir ar feasach don fhaighteoir go gceanglaítear air Ráiteas Síntiús a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin (faoi alt 24(2). 1A) den Acht) agus nach bhfuil ar intinn acu déanamh amhlaidh (**baineann sé le haon duine is comhalta, gníomhaire nó aon oifigeach eile de chuid páirtí polaitíochta**). Mar shampla, féadfar cion a dhéanamh nuair a

a. Ní sheoltar an síntiús chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin laistigh de 14 lá tar éis é a fháil; nó
b. Ní chuirtear ainm agus seoladh an tsíntiúsóra in iúl don Choimisiún um Chaighdeáin laistigh de 14 lá tar éis é a fháil.

ii. teipeann orthu an beart cuí a dhéanamh, (mar atá leagtha amach i gCaibidil 5) i ndáil le síntiús airgid os cionn €200, síntiús ó shíntiúsóir corparáideach neamhchláraithe, síntiúis de bhreis ar na teorainneacha forordaithe, síntiúis ón gcoigríoch agus síntiúis i gcriptea-airgeadra (**baineann sé seo le hoifigeach cuí agus/nó leis an duine freagrach d'aonad cuntasaíochta**). Mar shampla, féadfar cion a dhéanamh nuair a

a. Ní sheoltar an síntiús nó cuid de chuig an síntiúsóir nó chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin laistigh de 14 lá tar éis é a fháil; nó
b. I gcás inarb infheidhme, ní choinnítear na taifid chuí maidir le cur ar ais an síntiúis chuig an síntiúsóir.

iii. teipeann orthu Ráiteas Síntiús agus an dearbhú reachtúil riachtanach a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin ar an 31ú Márta gach bliain nó roimhe sin (**oifigeach cuí amháin**)

iv. nuair is gá, go theipeann orthu ráiteas ó institiúid airgeadais agus/nó Deimhniú Síntiús Airgid (**oifigeach cuí agus/nó duine freagrach**) a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin ar an 31ú Márta gach bliain nó roimhe sin, nó

v. go dtugann sé go feasach Ráiteas Síntiús agus/nó ráiteas ó institiúid airgeadais agus/nó Deimhniú Síntiús Airgid, atá bréagach nó míthreorach in aon bhealach ábhartha (**oifigeach cuí agus/nó duine freagrach)**.

13.2 Ar thosach feidhme alt 187 den Acht um Athchóiriú Toghcháin 2022, beidh an méid seo a leanas ina chion ar leith faoin Acht freisin.

a. teip chun Ráiteas Ceannaire an Pháirtí agus/nó Dearbhú Reachtúil a sholáthar;

b. go dtugann siad go feasach Ráiteas Ceannaire Páirtí nó Dearbhú Reachtúil atá bréagach nó míthreorach in aon bhealach ábhartha.

c. teip chun fógra a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeáin go bhfuarthas síntiús toirmiscthe i gcás inarb infheidhme;

d. teip chun síntiús toirmiscthe nó cuid de a chur ar aghaidh chuig an síntiúsóir nó chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin de réir mar is infheidhme;

e. teip chun na doiciméid riachtanacha a theastaíonn i ndáil leis an gCuntas Síntiús Polaitíochta a chur ar ais chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin;

f. teip chun Ráiteas Síntiús agus/nó Dearbhú Reachtúil a sholáthar don Choimisiún um Chaighdeáin;

g. teip chun fógra a thabhairt (ainm agus seoladh) agus/nó síntiús a chur ar ais chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin go bhfuarthas síntiús ó shíntiúsóir a bhfuil an faighteoir ar an eolas faoi cheangal Ráiteas Síntiús a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin (faoi alt 24(1A) den Acht) agus níl sé ar intinn aige/aici é sin a dhéanamh.

13.3 Ag an am seo, ní thionscnófar imeachtaí i leith ciona ach amháin ag an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí nó le toiliú an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí. Ar thosach feidhme alt 187 den Acht um Athchóiriú Toghcháin 2022, féadfaidh an Coimisiún um Chaighdeáin imeachtaí achoimre a thionscnamh agus a ionchúiseamh. Bheadh sé ina chosaint ar ionchúiseamh oifigeach cuí nó duine freagrach de chuid aonad cuntasaíochta nárbh eol don phearsa aonair agus nach bhféadfadh siad le réasún a

bheith ar eolas go bhfuarthas síntiús a bhfuil sé toirmiscthe glacadh leis nó síntiús ar sháraigh luach de €2,500.

13.4 Beidh duine a fhaightear ciontach i gcion, dlífear, ar é a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná €2,500 a chur air. I gcás go mbaineann an ciontú le loiceadh Ráiteas Síntiús, ráiteas ó institiúid nó Deimhniú Síntiúis Airgid a chur ar fáil nó le loiceadh an dearbhú reachtúil riachtanach a dhéanamh don Choimisiún um Chaighdeáin, beidh duine ciontach i gcion breise gach lá ar a leantar leis an loiceadh tar éis an chiontaithe sin agus, i gcás gach ciona den sórt sin, dlífear, ar é a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná €500 a chur air.

13.5 I gcás go mbaineann an cion le Ráiteas Síntiús, ráiteas ó institiúid nó Deimhniú Síntiúis Airgid atá bréagach nó míthreorach in aon phonc ábhartha a chur ar fáil go feasach don Choimisiún um Chaighdeáin, dlífear, ar é a chiontú ar díotáil, fíneáil nach mó ná €25,394.76 agus/nó téarma príosúnachta nach mó ná trí bliana a chur air.

13.6 Ar thosach feidhme alt 193 den Acht um Athchóiriú Toghcháin 2022, féadfaidh an Coimisiún um Chaighdeáin “fógra pionós socraithe” a sheirbheáil mar aon le híocaíocht sheasta €200 ar dhaoine a bhfuil na cionta atá leagtha amach ag (iv) agus (v) déanta acu. I gcás ina seirbheálfar fógra pionós socraithe ar dhuine, ní thionscnófar aon ionchúiseamh i leith an chiona má dhéantar íocaíocht ar an dáta a shonrófar san fhógra pionós socraithe nó roimhe.

## Caibidil 14 - Cumhachtaí Imscrúdaithe

14.1 Ag am scríofa na tuarascála seo níl tús curtha le cumhachtaí imscrúdaithe an Choimisiúin um Chaighdeáin mar atá leagtha amach i gcuid 4B den Acht agus mar atá leagtha amach thíos. Nuair a chuirfear tús leis, beidh feidhm ag na nithe seo a leanas.

14.2 I gcás ina gcreideann an Coimisiún um Chaighdeáin le réasún go bhféadfadh codanna áirithe den Acht a bheith sáraithe ag duine lena n-áirítear Cuid IV den Acht (Síntiúis), féadfaidh an Coimisiún um Chaighdeáin a ordú d'oifigeach údaraithe imscrúdú a dhéanamh.

14.3 Oifigeach údaraithe arna cheapadh ag an gCoimisiún um Chaighdeáin a dhéanann imscrúduithe. Ar iarratas, tabharfaidh oifigeach údaraithe cóip dá údarú do dhuine ar bith a ndéanann an imscrúdú difear dó nó di.

14.4 Chun imscrúdú a dhéanamh:

(i) Féadfaidh an t-oifigeach údaraithe a cheangal ar aon duine aon fhaisnéis nó míniú a sholáthar a theastóidh uathu le réasún le haghaidh an imscrúdaithe.

(ii) Féadfaidh an t-oifigeach údaraithe a cheangal ar aon duine aon doiciméad nó aon rud eile a bhfuil rialú ag an duine air, nó a bhfuil rochtain ag an duine air, agus a theastóidh le réasún ón oifigeach údaraithe chun críocha an imscrúdaithe a thabhairt ar aird. Féadfaidh an t-oifigeach údaraithe aon doiciméad nó aon rud a thabharfar ar aird mar chuid den cheanglas seo a iniúchadh agus cóipeanna a thógáil de, nó sleachta a bhaint astu.

(iii) Féadfaidh an t-oifigeach údaraithe a cheangal ar aon duine teacht os a gcomhair chun ceisteanna a fhreagairt, agus dearbhú a thabhairt i dtaobh fhírinne freagraí na gceisteanna don imscrúdú.

(iv) Le toiliú an áititheora nó de bhun barántais faoi alt 4B(6) den Acht, féadfaidh an t-oifigeach údaraithe dul isteach agus cuardach a dhéanamh ar no i aon áitreabh ina gcreideann siad le réasún go bhfuil aon doiciméad nó rud eile ann, nó ina gcreideann siad le réasún go bhfuil aon doiciméad nó rud eile ann a fhéadfaidh siad a éileamh go réasúnach don imscrúdú. Féadfaidh an t-oifigeach údaraithe cigireacht a dhéanamh agus cóipeanna a thógáil de, nó sleachta as, aon doiciméad nó rud eile a fhaightear ar chuardach. Féadfaidh comhalta den Gharda Síochána a bheith in éineacht leis an oifigeach údaraithe más gá.

(v) Féadfaidh an t-oifigeach údaraithe a cheangal ar dhuine aon doiciméid a thabharfar ar aird nó a gheofar amhlaidh a chur ar fáil i bhfoirm inléite.

(vi) Féadfaidh an t-oifigeach údaraithe a cheangal ar dhuine cibé cúnamh a theastóidh le réasún le haghaidh an imscrúdaithe a thabhairt dóibh agus cibé saoráidí réasúnacha a chur ar fáil don oifigeach údaraithe is gá chun a chumhachtaí nó a cumhachtaí a fheidhmiú.

14.5 Féadfaidh an Coimisiún um Chaighdeáin a údarú don oifigeach údaraithe tuarascálacha eatramhacha a dhéanamh don Choimisiún um Chaighdeáin.

14.6 Breithneoidh an Coimisinéir ar an tuarascáil agus má bhíonn sé sásta gur sáraíodh an tAcht, féadfaidh sé imeachtaí achoimre a thionscnamh i leith ciona faoin Acht (féach Caibidil 9 thuas le do thoil).

## Aguisín

### *Imeachtaí tiomsaithe airgid - Glanluach ranníocaíochta le himeacht tiomsaithe airgid a dhéanamh amach*

De réir fhorálacha alt 22(2)(a)(vi) & (vii) den Acht, cuimsítear le síntiús do pháirtí polaitíochta **glan**luach ranníocaíochta le himeacht tiomsaithe airgid. Tagtar ar ghlanluach ranníocaíochta le himeacht tríd an nglanbhrabús ón imeacht a ríomh i dtosach (i.e. tríd an gcostas leis an imeacht a reáchtáil a bhaint as an tsuim iomlán a tiomsaíodh san imeacht). Déantar an glanbhrabús a chur síos do líon na ndaoine a thug ranníocaíocht don imeacht i gcomhréir leis an ranníocaíocht a thug gach duine. Tugann sé sin glanluach na ranníocaíochta ó gach duine leis an imeacht tiomsaithe airgid. Má íocann duine, mar shampla, i ndáil le himeacht tiomsaithe airgid, €1,000 i leith na táille iontrála do dheichniúr, beidh €1,000 san oll-ranníocaíocht leis an imeacht uaidh/uaithi. Más é €20 in aghaidh an duine an costas ríofa a ghabhann leis an imeacht a reáchtáil, bainfear suim €200 as a oll- ranníocaíocht, rud a fhágfaidh glan-ranníocaíocht €800. Má dhéanann an duine ranníocaíochtaí eile leis an imeacht (e.g. capaill a cheannach ar oíche rásaíochta, poll ag comórtas gailf chlasaicigh a urrú), beidh sé riachtanach luach na ranníocaíochtaí sin a chur leis an nglan-ranníocaíocht €800 chun glanluach comhiomlán a ranníocaíochta leis an imeacht tiomsaithe airgid a dhéanamh amach.

Meastar an ghlan-ranníocaíocht a dhéanann duine le himeacht tiomsaithe airgid a n-eagraíonn páirtí polaitíochta é a bheith ina shíntiús don pháirtí, fiú má úsáidtear na cistí ina dhiaidh sin chun críocha tacú le duine amháin nó níos mó de Chomhaltaí an pháirtí de Thithe an Oireachtais nó d'iarrthóirí de chuid an pháirtí i dtoghchán. Ní cheanglaítear ar an bpáirtí luach iomlán fháltais an imeachta tiomsaithe airgid a nochtadh ina Ráiteas Síntiús. Ceanglaítear air, áfach, aon síntiús/síntiúis ó dhuine os cionn glanluach €1,500 a nochtadh. Maidir leis an teorainn uasta €2,500 a bhféadfaidh páirtithe polaitíochta glacadh léi mar shíntiúis ón aon duine amháin san aon bhliain amháin, tá feidhm aici sin freisin maidir le glanluach na ranníocaíochtaí le himeachtaí tiomsaithe airgid. I gcás go bhfuil glanluach síntiúis airgid don imeacht tiomsaithe airgid os cionn €100, ceanglófar ar aonad cuntasaíochta an pháirtí (i.e. an chraobh nó an cheannoifig) a d'eagraigh an t-imeacht cuntas síntiús polaitíochta a oscailt, mura bhfuil ceann aige cheana féin. Má tá cuntas síntiús polaitíochta ag an aonad cuntasaíochta cheana féin, ní mór gach síntiús airgid, cibé luach atá air, a fhaightear i ndáil leis an imeacht a thaisceadh sa chuntas síntiús polaitiúil.

Ba cheart a thabhairt faoi deara go meastar an fochoiste a bheith ina idirghabhálaí atá ag glacadh le síntiúis thar ceann an pháirtí i gcás go n-eagraíonn fochoiste de chuid páirtí polaitíochta (rud a d'fhéadfadh a bheith ina fhochoiste de chuid cheanncheathrú an pháirtí, de chuid craoibhe nó de chuid fo-eagraíochta) imeacht tiomsaithe airgid agus go dtugann an fochoiste na glanfháltais ar aghaidh don pháirtí (bíodh ceanncheathrú an pháirtí nó craobh nó fo-eagraíocht dá chuid i gceist ann). Is é an páirtí (bíodh ceanncheathrú an pháirtí nó craobh nó fo-eagraíocht dá chuid i gceist ann), agus ní an coiste, atá freagrach as cloí le ceanglais an Achta.

Más rud é, áfach, nach bhfuil an fochoiste bunaithe mar fho-eagraíocht de chuid an pháirtí agus go gcoinníonn sé smacht ar na fáltais as imeacht tiomsaithe airgid in ionad na fáltais a thabhairt ar aghaidh don pháirtí (bíodh ceanncheathrú an pháirtí nó craobh nó fo-eagraíocht de chuid an pháirtí i gceist ann), d'fhéadfaí a mheas go bhfuil an fochoiste ina "thríú páirtí" de réir an tsainmhínithe san Acht. Bheadh an fochoiste sin faoi réir na bhforálacha san Acht a bhaineann le "tríú páirtithe". Tá na forálacha sin leagtha amach i nóta míniúcháin ar leith atá ar fáil ar shuíomh Gréasáin an Choimisiúin um Chaighdeáin.

### *Ócáid tiomsaithe airgid arna eagrú ag páirtí polaitíochta*

Breathnaítear ar an ranníocaíocht ghlan a dhéanann duine le hócáid tiomsaithe airgid arna eagrú ag páirtí polaitíochta mar shíntiús don pháirtí polaitíochta, fiú má úsáidtear na cistí ina dhiaidh sin chun críocha tacú le ceann amháin nó níos mó d'ionadaithe nó d'iarrthóirí tofa páirtí i dtoghchán.